An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0037/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# NEAMHLÁITHREACHTAÍ PÁIRTEACHA DO CHOINNÍ SEIRBHÍSE A BHAINEANN LE CÚRSAÍ SLÁINTE SOCRUITHE DO MHÚINTEOIRÍ IAR-BHUNSCOILE

## 1. Réamhrá

1.1 Tar éis plé a bheith ann idir an Roinn Oideachais agus na Comhpháirtithe Oideachais, is é aidhm an Chiorcláin seo an cur chuige comhaontaithe a leagan amach ina ndéileáiltear le cásanna inar gá do mhúinteoir iar-bhunscoile a bheith as láthair ar feadh tréimhse gairide de bharr cúrsaí sláinte i rith an ama teagmhála sa rang a thiocfaidh i bhfeidhm ó scoilbhliain 2023/2024.

1.2 Faoi na Téarmaí agus Coinníollacha den Scéim Saoire Breoiteachta, ba chóir coinní seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte a eagrú lasmuigh d'uaireanta oibre rialta nó de laethanta oibre.

1.3 Mar sin féin, aithnítear go bhfuil cásanna ann inar gá do mhúinteoir iar-bhunscoile atá i bpoist maoinithe ag an Oireachtas, ina measc siúd múinteoirí atá ag obair i suíomhanna seachas iar-bhunscoileanna (m.sh. suíomhanna breisoideachais/scoileanna speisialta a chuireann an chomhpháirt iar-bhunscoile ar fáil) a bheith as láthair i gcaitheamh coda den lá scoile, d'fhonn freastal ar choinne seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte, agus go mbíonn neamhláithreacht pháirteach ón ionad oibre mar thoradh air.

1.4 Sna cásanna eisceachtúla seo, d'fhéadfadh an fostóir neamhláithreacht pháirteach íoctha a bhronnadh ar mhúinteoir iar-bhunscoile, faoin gCiorclán seo, d'fhonn freastal ar choinne seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte agus an gá le bheith as láthair ón ionad oibre ar feadh lae oibre iomláin a sheachaint.

1.5 Níl neamhláithreachtaí páirteacha i bhfeidhm ach amháin i dtaca le coinní do sheirbhísí a bhaineann le cúrsaí sláinte agus beidh siad faoi réir uasama cheadaithe de 2 lá scoile.

## 2. Forálacha Ginearálta

2.1. Is beart eatramhach é seo go dtí go ndéantar réiteach teicniúil a fhorbairt chun a leithéid de neamhláithreachtaí a thaifeadadh.

2.2. Ní mór tús áite a thabhairt do riachtanais leasa agus oideachais na scoláirí thar aon cheisteanna eile.

2.3. Ba chóir an Ciorclán seo a léamh in éineacht leis an Scéim Saoire Breoiteachta atá i gCiorclán 0054/2019, Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta.

2.4. Níl neamhláithreachtaí páirteacha i bhfeidhm ach amháin i dtaca le coinní do sheirbhísí a bhaineann le cúrsaí sláinte don mhúinteoir atá i gceist. Ní chlúdaíonn siad an múinteoir chun dul in éineacht le daoine eile, ar nós baill teaghlaigh chuig a gcoinní seirbhísí a bhaineann le cúrsaí sláinte. Chun nach mbeidh aon amhras ann, níl saoire chosanta ar nós coinní a bhaineann le cúrsaí máithreachais, san áireamh faoin gCiorclán seo.

2.5. Cuimseoidh coinne seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte coinne ar nós coinní dochtúra, fiaclóra, radharceolaí, ospidéil agus atreoruithe a bhaineann le cúrsaí sláinte. D'fhéadfadh a leithéid de choinní tástálacha fola, coinní dochtúra/fiaclóra, fisiteiripe, agus coinní ospidéil a chlúdach, ach níl sé teoranta dóibh.

2.6. Déanfar fad ama na neamhláithreachta a ríomh faoi threoir an mhéid ama teagmhála teagaisc/ranga a cailleadh i rith na neamhláithreachta faoi réir an uasama cheadaithe faoin gciorclán seo. D'fhonn na neamhláithreachtaí seo a áireamh is é 4 uair an chloig agus 24 nóiméad (i.e. 22 uair an chloig/5) atá i ngach lá scoile.

2.7. Ní bheidh neamhláithreachtaí páirteacha i bhfeidhm ach amháin i dtaca le coinní do sheirbhísí a bhaineann le cúrsaí sláinte agus beidh siad faoi réir an uasama chomhiomláin cheadaithe de 2 lá scoile (8 n-uair an chloig agus 48 nóiméad) in aghaidh na scoilbhliana.

2.8. Déanfar neamhláithreachtaí ina mbíonn neamhláithreacht de lá iomlán i gceist dá bharr a thaifeadadh ar an ngnáthbhealach mar ghnáthshaoire bhreoiteachta ar an OLCS/ ar an gcóras BOO ábhartha.

2.9. Ní mór do na múinteoirí/fostóirí uile cloí leis na rialacháin agus leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chiorclán seo.

2.10. I gcás neamhláithreachta neamhfhaofa, ba chóir go gcuirfí in iúl don mhúinteoir, mar thoradh ar a leithéid de neamhláithreacht, go gcuirfidh an fostóir in iúl don Phámháistir a neamhláithreacht a thaifeadadh mar Shaoire Neamhfhaofa (neamhíoctha) ar an OLCS/ ar an gcóras BOO ábhartha.

## 3. Neamhláithreachtaí Páirteacha do Choinní Seirbhíse a Bhaineann le Cúrsaí Sláinte

3.1. Faoi na Téarmaí agus Coinníollacha den Scéim Saoire Breoiteachta, ba chóir coinní seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte a eagrú lasmuigh d'uaireanta oibre rialta nó de laethanta oibre.

3.2. Mar sin féin, aithnítear go bhfuil cásanna ann inar gá do mhúinteoir iar-bhunscoile a bheith as láthair i gcaitheamh coda den lá scoile, d'fhonn freastal ar choinne seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte, agus go mbíonn neamhláithreacht pháirteach ón ionad oibre mar thoradh air. Sna cásanna eisceachtúla seo, d'fhéadfadh an fostóir

neamhláithreacht pháirteach íoctha a bhronnadh ar mhúinteoir iar-bhunscoile, d’fhonn freastal ar choinne seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte.

3.3. Áit a raibh an neamhláithreacht pháirteach faofa ag an bhfostóir, ní mór do mhúinteoir freastal ar dualgas roimh an gcoinne seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte agus/nó ina diaidh ar an lá atá i gceist. Chun nach mbeidh aon amhras ann, ní mór do mhúinteoir freastal ar an scoil roimh agus/nó tar éis na seirbhíse a bhaineann le cúrsaí leighis má tá tiomantas do dhualgais éigeantacha scoile, mar ranganna ar an tráthchlár, dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta, uaireanta Pháirc an Chrócaigh etc.

3.4. Ní chuirfear an neamhláithreacht pháirteach fhaofa san áireamh i dtaifead Saoire Breoiteachta an mhúinteora, faoi réir an uasama cheadaithe de neamhláithreachtaí íoctha den sórt sin do gach múinteoir in aghaidh na bliana.

3.5. Tá an fostóir freagrach as neamhláithreacht pháirteach an mhúinteora a thaifeadadh go hiomchuí ag leibhéal na scoile.

3.6. Déantar neamhláithreachtaí páirteacha a thaifeadadh go háitiúil go dtí cibé am go sroicheann siad an t-uas-am ceadaithe faoin gciorclán seo. Ní mór don fhostóir taifeadadh a dhéanamh ar aon neamhláithreacht pháirteach ina dhiaidh sin de bharr freastal ar choinne seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte mar ghnáth-neamhláithreacht mar 1 lá Saoire Breoiteachta ar an OLCS/ ar an gcóras BOO ábhartha faoi na téarmaí den Scéim Saoire Breoiteachta.

3.7. Déantar fad ama na neamhláithreachta a ríomh faoi threoir an mhéid ama teagmhála sa rang a chaill an múinteoir ag freastal ar an gcoinne seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte.

3.8. Ní mór don fhostóir taifeadadh a dhéanamh ar neamhláithreacht a thagann chun cinn de bharr coinne seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte agus mar thoradh air seo nach bhfreastalaíonn an múinteoir ar dualgas roimh an gcoinne seirbhíse a bhaineann le cúrsaí sláinte agus/nó ina diaidh ar an lá atá i gceist agus/nó mar thoradh air seo go gcailleann an múinteoir na ranganna ar fad atá ar an tráthchlár an lá sin, ar an OLCS/ ar an gcóras BOO ábhartha mar 1 lá saoire breoiteachta.

## 4. Nósanna Imeachta Iarratais ar Neamhláithreacht Pháirteach

4.1. Ní mór iarratas ar neamhláithreacht pháirteach a dhéanamh chuig an bhfostóir a luaithe agus is féidir. Ba chóir don Mhúinteoir an fad ama ar dócha a ghlacfaidh an neamhláithreacht a chur in iúl.

4.2. Tá fianaise tinrimh ón liachleachtóir ábhartha riachtanach agus ní mór í a chur isteach láithreach bonn go dtí an fostóir tar éis na neamhláithreachta páirtí. D’fhéadfadh admháil íocaíochta a bheith san áireamh mar fhianais den sórt sin. Ní leor deimhniú na coinne amháin.

4.3. Ní mór don fhostóir fógra i scríbhinn a chur ar fáil don mhúinteoir maidir lena c(h)inneadh chun an t-iarratas ar neamhláithreacht pháirteach a fhaomhadh/a dhiúltú. Tabharfar an fógra seo freisin a luaithe agus is féidir. Áit a ndiúltaítear iarratas, ní mór don fhostóir na cúiseanna ar diúltaíodh é a chur san áireamh.

4.4. Ní mór don fhostóir na doiciméid uile a bhaineann le neamhláithreachtaí múinteora a choimeád leis na taifid pearsanra ábhartha ar bhealach sábháilte agus slán agus i gcomhréir leis an bpolasaí um chosaint sonraí agus leis na rialacháin um chosaint sonraí de chuid an fhostóra.

## 5. Múinteoir Ionaid

5.1. A feadh achar ama na mbeart eatramhach seo, ní íocann an Roinn clúdach ionaid le haghaidh na neamhláithreachtaí páirteacha seo. Ba chóir an neamhláithreacht a chlúdach tríd an Scéim Ionadaíochta agus Maoirseachta.

## 6. Neamhláithreachtaí Páirteacha a Thaifeadadh

6.1. Ní mór don fhostóir sonraí na neamhláithreachta(í) faofa a thaifeadadh agus a choimeád ag leibhéal na scoile. San áireamh sna sonraí seo beidh nádúr agus fad ama na neamhláithreachta.

6.2. Ní dhéanfar neamhláithreachtaí a thaifeadadh ar chóras Párolla na Roinne/ ar an gcóras BOO ábhartha nuair a shroicheann an múinteoir an t-uas-am ceadaithe sa scoilbhliain.

6.3. Áit a sáraíonn na neamhláithreachtaí páirteacha carnacha an t-uas-am ceadaithe sa scoilbhliain, déantar neamhláithreachtaí páirteacha ina dhiaidh sin a thaifeadadh ar an OLCS nó ar an gcóras BOO ábhar i gcomhréir le Ciorclán 0054/2019.

## 7. Scaipeadh agus Ceisteanna

7.1. Déan cinnte de go gcuirtear dá bhfuil sa Chiorclán seo faoi bhráid chomhaltaí uile an Bhoird Bhainistíochta/na mBord Oideachais agus Oiliúna agus na múinteoirí uile atá fostaithe agat, iad siúd atá ar shaoire neamhláithreachta san áireamh.

7.2. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi https://www.gov.ie/ga/ciorclain/.

7.3. Ba chóir na fiosruithe uile a bhaineann leis an gCiorclán seo a chur ar aghaidh go dtí an fostóir ar dtús ar mhian leis/léi dul i gcomhairle lena (h)eagraíocht ionadaíochta. Is féidir aon fhiosruithe eile a chur ar aghaidh go dtí an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie. Ba chóir do mhúinteoirí iar-bhunscoile BOO teagmháil a dhéanamh lena Rannóg AD iomchuí.

James Walsh
Príomhoifigeach
Téarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRSanna
28ú Lúnusa 2023